CEACHT 1

NIAMH AGUS OISÍN

A

B



Pictiúr: Radharc:

Thuas ar na sléibhte, na Fianna ag fiach, adharc i mbéal Fhinn, Fionn agus Oisín ag féachaint i dtreo na farraige, capall ag rith ar an bhfarraige, cailín ag marcaíocht ar a dhroim; comhartha ceiste, Niamh Cinn Óir, rí, Oisín, seanduine, duine marbh (reilig) le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte; Niamh agus Oisín in airde ar an gcapall bán, Éire le feiceáil taobh thiar díobh.

Céim 4. Bád, eala, cleite, gabhar, sabhaircíní, scáthán, leabhar urnaithe, dornálaíocht, spáid. Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Lá amháin shéid Fionn adharc. Chuaigh na Fianna ag fiach ar an sliabh. Chonaic siad capall bán (ag teacht trasna na farraige). Bhí cailín álainn ar dhroim an chapaill.

Agallamh

FIONN: Cé thú féin?
NIAMH: (Is) Mise Niamh Cinn Óir, banríon Thír Na nÓg. Táim ag cuardach (lorg) rí dom féin.
FIONN: Rachaidh mise leat, a bhanríon.
NIAMH: B'fhearr liom Oisín. Ní thiocfaidh aois ná bás air i dTír na nÓg.

Cuntas Reatha

Bhí áthas ar Oisín. D'imigh sé le Niamh ar an gcapall bán.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:
Céard a rinne Fionn lá amháin?
Chuaigh na Fianna ag sleamhnú ar an loch, is dócha?
Cén rud iontach a chonaic siad ar an bhfarraige?
Agus bhí fear ar dhroim an chapaill?

Tusa Fionn, cuir ceist ar an gcailín.
Freagair é, a "Niamh".
Agus cén fáth a bhfuil tú anseo?
Tusa Fionn, céard a dhéanfaidh tú?
An bhfuil tú sásta leis sin, a "Niamh"?
Agus an mbeidh saol deas ag Oisín i dTír na nÓg?

Bhí brón ar Oisín, is dócha?
Céard a rinne Oisín ansin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Chuaigh na Fianna ag **fiach.**
   (dornálaíocht; marcaíocht; bádóireacht; séideadh adhairce, etc.).

2. Chonaic siad **capall bán** ar an bhfarraige.
   (long dhearg; maighdean álainn; stoirm mhór; eala bheo; cleite bán; leac oighir chrua).

3. **Chonaic** siad capall bán.
   (amárach; gach lá; ní, an? **inné;** ní, an? **amárach;** ní, an? **gach lá).**

4. Táim ag cuardach **rí.**
   (gabhar; leabhar rolla; spáid; sabhaircíní; Teagasc Críostaí; scáthán; leabhar paidreacha *(urnaithe)***).**

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. An capall bán ag insint an scéil.

2. Miondrámaíocht: Thit Oisín isteach san fharraige agus shábháil Niamh é.

3. Dráma:
   Oisín agus Niamh i dTír na nÓg.

4. Páiste ag léamh na nuachta i dtaobh Oisín agus Niamh ar an teilifís.

5. Pictiúr a dhéanamh agus scéal a scríobh faoi nó pictiúir de rudaí nach bhfuil an bás i ndán dóibh, e.g. carraigeacha, páirceanna, etc.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I
Bhí Oisín amuigh ag fiach ar an sliabh,
Nuair 'tháinig an cailín arbh ainm di Niamh;
"A Oisín", a dúirt sí, "a Oisín, a chroí,
Nach dtiocfaidh tú liomsa agus beidh tú id' Rí".

II
"Ó, rachaidh má leatsa, a Niamh Cinn Óir;
Ó rachaidh mé leatsa, a bhanríon, a stór;
Ó rachaidh mé leatsa, a Niamh Cinn Óir;
Ó rachaidh mé leatsa go Tír na nÓg".

COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

A
Cérbh iad na Fianna?
Cérbh é Oisín?
Cá raibh Tír na nÓg? Cén sórt áite a bhí ann?
Cén sórt daoine a bhíodh ina gcónaí i dTír na nÓg?
Cén fáth a raibh Fionn agus na Fianna ag fiach, an dóigh leat?

B
Druileanna a dhéanamh ar na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite, san Aimsir Fháistineach agus san Aimsir Ghnáthláithreach;

Éirigh, Glaoigh.

Cén t-am a **d'éirigh** (*ar éirigh*) tú ar maidin?
Cén t-am a **n-éireoidh** tú amárach?
Cén t-am a **n-éiríonn** tú gach lá?

Cé a **ghlaoigh** ort ar maidin?
Cé a **ghlaofaidh** ort amárach?
Cé a **ghlaonn** ort gach maidin?